Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 29 Meitheamh 2026**
**(OR. en)**

**11256/26**

**ENER 482**
**ENV 869**
**CONSOM 220**
**TRANS 465**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 24 Meitheamh 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 326 final |
| Ábhar: | TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE AGUS CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA<br>Tuarascáil ar chur chun feidhme Rialachan (AE) 2020/740 maidir le lipéadú bonn maidir le héifeachtúlacht breosla agus paraiméadair eile |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 326 final.

---

Faoi iamh: COM(2026) 326 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 24.6.2026
COM(2026) 326 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE AGUS CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA**

**Tuarascáil ar chur chun feidhme Rialachan (AE) 2020/740 maidir le lipéadú bonn maidir le héifeachtúlacht breosla agus paraiméadair eile**

GA GA

## 1. RÉAMHRÁ

### 1.1. Comhthéacs beartais agus dlíthiúil

Is comhpháirt chriticiúil de gach feithicil bhóthair iad boinn. Bíonn tionchar díreach ag friotaíocht rollta bonn ar ídiú fuinnimh na feithicle. Dá bhrí sin, tríd an éileamh ar bhoinn níos éifeachtúla, agus a bhforbairt agus a dtáirgeadh, a spreagadh, is féidir costais bhreosla, astaíochtaí agus allmhairí breoslaí iontaise a laghdú – nó raon na bhfeithiclí leictreacha a mhéadú trí laghdú ar an leictreachas is gá in aghaidh an chiliméadair tiomána. Glacadh an chéad ghníomh foirmiúil de chuid an Aontais maidir le boinn éifeachtúla tar éis ghéarchéim ola 1973, gníomh inar moladh go spreagfadh na Ballstáit feistiú na mbonn ga-dhualach ar gach feithicil, lena n-áirítear feithiclí earraí troma[1].

Caoga bliain ina dhiaidh sin, is iad boinn ghathacha an teicneolaíocht réamhshocraithe, ach is é an t-iompar de bhóthar fós is cúis le cuid shuntasach d'ídiú fuinnimh deiridh iomlán an Aontais (thart ar an gceathrú cuid), agus is ó ola a thagann formhór mór an fhuinnimh sin fós. Idir an dá linn, is féidir gnóthachain éifeachtúlachta bhreise a bhaint amach a bhuí le nuálaíocht maidir le boinn a dhearadh agus ábhair nuálacha. Tugtar le fios sna meastacháin go bhféadfaí meántomhaltas fuinnimh gluaisteán paisinéirí a laghdú 2 % nó mar sin ach boinn a bhfuil friotaíocht rollta íseal acu a chur in ionad boinn a bhfuil friotaíocht rollta ard acu[2]. I gcás feithiclí tromshaothair, tá friotaíocht rollta na mbonn i bhfad níos tábhachtaí, agus is féidir gnóthachain éifeachtúlachta bhreise a bhaint amach: bíonn tionchar ag friotaíocht rollta ar an úsáid fuinnimh, suas le haon trian i gcás trucailí díosail agus os cionn a leath i gcás trucailí leictreacha atá níos éifeachtúla[3].

An tráth céanna, tá paraiméadar boinn eile ann, fliuchghreim, atá criticiúil maidir leis an tsábháilteacht toisc go gcinntear achar coscánaithe feithicle leis. Is méadrachtaí iomaíocha iad fliuchghreim agus friotaíocht rollta, agus i gcás custaiméirí a bheartaíonn an cineál boinn le ceannach, d'fhéadfadh comhbhabhtáil a bheith ann idir sábháilteacht agus feidhmíocht fuinnimh. Chun cinntí ceannaigh eolasacha a dhéanamh, ba cheart, dá bhrí sin, faisnéis a bheith ag custaiméirí maidir leis an dá pharaiméadar. Chuige sin, glacadh céad Rialachán an Aontais maidir le Lipéadú Bonn in 2009 agus athbhreithníodh é in 2020. Soláthraíonn lipéid boinn faisnéis shothuigthe chun an t-éileamh ar bhoinn níos fearr a spreagadh, agus chun iomaíocht a spreagadh maidir le boinn níos fearr a sholáthar.

Is iad bunúis dlí an Rialacháin maidir le Lipéadú Bonn Airteagal 114 agus Airteagal 194 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Cumhdaítear le raon feidhme an Rialacháin boinn le haghaidh feithiclí paisinéirí (C1), le haghaidh veaineanna agus trucailí éadroma (C2) agus le haghaidh trucailí agus busanna troma (C3)[4]. Oibríonn an Rialachán maidir le Lipéadú Bonn in éineacht leis na híoscheanglais feidhmíochta a leagadh síos i reachtaíocht eile. Le reachtaíocht cineálcheadaithe, go háirithe Rialachán CEE-NA 117, bunaítear na híoschaighdeáin feidhmíochta is tábhachtaí le haghaidh boinn a chuirtear ar mhargadh an Aontais i dtéarmaí friotaíochta rollta, fliuchghreama, torainn, greama

---

([1]) 76/494/CEE: Moladh ón gComhairle an 4 Bealtaine 1976 maidir le húsáid réasúnach fuinnimh, trí nósanna tiomána níos fearr, arna thomhailt ag feithiclí bóthair, IO L 140, 28/05/1976, lgh. 0014 – 0015.

([2]) Zacharof, N., Fontaras, G., Ciuffo, B., Tsiakmakis, S. et al. Review of in use factors affecting the fuel consumption and $CO_2$ emissions of passenger cars; An tAirmheán Comhpháirteach Taighde, 2016.

([3]) Hyttinen, Jukka et al. Effect of Ambient and Tyre Temperature on Truck Tyre Rolling Resistance, International Journal of Automotive Technology, Samhain 2022.

([4]) Tá boinn le haghaidh feithiclí eisbhóthair, tógála, talmhaíochta nó le haghaidh feithiclí dhá nó trí roth lasmuigh den raon feidhme toisc nach mbeadh gnéithe éifeachtúlachta breosla ná gnéithe sábháilteachta ábhartha.

sneachta agus greama oighir. Leagadh síos íoschaighdeáin feidhmíochta ábhartha i Rialacháin CEE-NA 30 (boinn C1), 54 (boinn C2, C3), 172 (boinn atráchta) freisin. Cé nár glacadh aon reachtaíocht éicidhearthóireachta de chuid an Aontais le haghaidh na mbonn go fóill, áirítear boinn i bplean oibre 2025-2030 maidir le héicidhearthóireacht agus lipéadú fuinnimh(5).

### 1.2. Na príomhathruithe ar athbhreithniú 2020 ar an Rialachán maidir le Lipéadú Bonn

Ba iad seo a leanas na príomhathruithe a tugadh isteach le hathbhreithniú 2020:

- stíl agus formáid an lipéid a ailíniú leis an lipéad fuinnimh is fearr aithne;
- líon na n-aicmí feidhmíochta a laghdú, ó sheacht (A-G) go cúig (A-E), le haghaidh friotaíocht rollta (éifeachtúlacht fuinnimh) agus fliuchghreama (sábháilteacht) araon toisc, le ceanglais chineálcheadaithe níos déine CEE-NA, gur coisceadh boinn sna haicmí ba mheasa feidhmíocht ar an lipéad;
- a cheangal go gclárófar gach cineál boinn sa Bhunachar Sonraí Táirgí Eorpach um Lipéadú Fuinnimh (‘EPREL’)(6);
- feabhas a chur ar fheasacht custaiméirí ar an lipéad boinn trí na ceanglais maidir leis an lipéad boinn a thaispeáint do thomhaltóirí a neartú;
- an Coimisiún a chumhachtú chun athruithe áirithe a ghlacadh trí ghníomhartha tarmligthe.

### 1.3. Raon feidhme na tuarascála seo

Le hAirteagal 15 den Rialachán maidir le Lipéadú Bonn ceanglaítear ar an gCoimisiún meastóireacht a dhéanamh ar an Rialachán agus tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa. Tá an tuarascáil le measúnú a dhéanamh ar a éifeachtaí a bhí an Rialachán sin agus na gníomhartha tarmligthe a glacadh dá bhun maidir le húsáideoirí deiridh a threorú chun boinn ar mó a bhfeidhmíocht a roghnú, lena gcuirfear san áireamh an tionchar ar chúrsaí gnó, ídiú fuinnimh, sábháilteacht, astaíochtaí gás ceaptha teasa, feasacht tomhaltóirí agus gníomhaíochtaí faireachais margaidh. Déanfar measúnú sa tuarascáil freisin ar na costais agus ar na sochair a bhaineann le fíorú éigeantach neamhspleách ag tríú páirtí ar an bhfaisnéis a thugtar ar an lipéad boinn, agus an taithí a fuarthas maidir leis an gcreat réime níos leithne a cuireadh ar fáil le Rialachán (CE) Uimh. 661/2009 á cur san áireamh.’

Sa tuarascáil seo dírítear ar na hábhair seo a leanas:

- feasacht tomhaltóirí; tuiscint tomhaltóirí agus a n-úsáid ag tomhaltóirí;
- forbairt an mhargaidh;
- gníomhartha tarmligthe;
- faireachas margaidh agus forfheidhmiú;
- fíorú ag tríú páirtithe agus tástáil ag tríú páirtithe;
- ailíniú le meaisín tástála;
- saincheisteanna a sainaithníodh mar chuid den chur chun feidhme.

Rinneadh anailís ar roinnt gnéithe mar chuid den Mheasúnú Tionchair a ghabhann leis an togra simpliúcháin *omnibus* le haghaidh reachtaíocht maidir le táirgí éifeachtúla ó thaobh fuinnimh de a glacadh i gcomhthráth leis an tuarascáil seo agus a ndearna an tuarascáil seo

(5) COM(2025) 187 final.

(6) https://eprel.ec.europa.eu/.

agus an anailís fholuiteach eolas di. Glacadh tuarascáil ar leithligh maidir le cur chun feidhme an Rialacháin maidir le Lipéadú Fuinnimh (Rialachán (AE) 2017/1369) i gcomhthráth leis an tuarascáil seo.


### 1.4. Bonn anailíseach

Cuireann an tuarascáil seo le roinnt foinsí sonraí agus ionchuir lena n-áirítear:

- suirbhé ar thomhaltóirí agus ar dhéileálaithe bonn agus feithiclí[7];
- sonraí EPREL le haghaidh clárúcháin bonn;
- ionchur ó gheallsealbhóirí agus ó údaráis, lena n-áirítear ionchur trí obair meithleacha éagsúla lena n-áirítear an Grúpa Comhair Riaracháin um lipéadú bonn[8] agus an Grúpa Saineolaithe um ailíniú saotharlainne chun friotaíocht rollta bonn a thomhas[9];
- an Córas Faisnéise agus Cumarsáide maidir le Faireachas Margaidh (ICSMS)[10];
- anailísí agus acmhainní eile atá ar fáil go poiblí.

## 2. AN LIPÉAD BOINN ATHDHEARTHA

Suíodh i staidéar athbhreithnithe a rinneadh in 2018[11] nár bhain an lipéad boinn a acmhainneacht iomlán amach toisc nach raibh úsáideoirí deiridh ar an eolas go maith gurbh ann dó agus nach raibh na hÚdaráis um Fhaireachas Margaidh á fhorfheidhmiú go leormhaith. Suíodh sa staidéar freisin go raibh roinnt tosca intreacha ag cur bac ar rath an lipéid, amhail foroinnt mhíthreorach aicmí feidhmíochta, faisnéis mhíchruinn agus neamhiomlán agus easpa muiníne as an méid a mheas roinnt freagróirí a bheith ina fhéindearbhú.




*Fíor 1:* Léaráid den lipéad boinn bunaidh (2012) agus den lipéad athbhreithnithe (nua) (2021).

---

(7) Study on consumer understanding of the EU tyre label applied since 1 May 2021.

(8) Liosta na ngrúpaí comhair riaracháin.

(9) https://ec.europa.eu/transparency/expert-groups-register/screen/expert-groups/consult?lang=en&groupID=2519.

(10) ICSMS.


(11) https://ec.europa.eu/info/law/better-regulation/have-your-say/initiatives/1460-Evaluation-and-potential-revision-of-the-EU-tyre-labelling-scheme_ga.

Tá feidhm ag an reachtaíocht nuashonraithe maidir le lipéadú bonn ón 1 Bealtaine 2021. Fíor 1: déantar comparáid idir an lipéad bunaidh agus an lipéad athbhreithnithe. Cuimsítear roinnt gnéithe nua sa lipéad nua:

- Friotaíocht rollta. Athscálaíodh na haicmí ab ísle chun D agus E a dhéanamh díobh. Cuireadh deireadh sa tslí sin le haicme D a bhí folamh le haghaidh boinn C1 agus C2[(12)]. Coinníodh an raon luacha céanna le haghaidh gach cineál boinn;
- Fliuchghreim. Athscálaíodh na haicmí lipéid, agus cuireadh deireadh le haicme D a bhí folamh. Cuireadh saigheada gorma ar imreacha éagsúla leis an scála fliuchghreama (chun uisce a mheabhrú), chun idirdhealú a dhéanamh idir gnéithe sábháilteachta agus fuinneamh.
- Torann seachtrach rollta. Ailíníodh an tásc aicme le lipéid fuinnimh eile trí scála litreach a úsáid. Cuireadh an leibhéal fuaime in iúl i ndeicibeilí (amhail táirgí lipéadaithe eile) agus coinníodh picteagram ina raibh fuaimthonnta.
- Cuireadh dhá phicteagram nua leis, le haghaidh boinn a cineálcheadaíodh lena n-úsáid i ndiandálaí sneachta agus oighir[(13)].

## 3. Feasacht agus tuiscint tomhaltóirí ar an lipéad boinn agus an úsáid a dhéanann siad de

Tástáladh tuiscint tomhaltóirí ar an lipéad boinn trí shuirbhé ar thomhaltóirí. Tá achoimre ar na príomhthorthaí thíos:




*Fíor 2:* Tuiscint fhéintuairiscithe tomhaltóirí ar eilimintí an lipéid boinn (bonnlíne = gach freagróir (n=4 590)).

Mar a léiríonn Fíor 2, mheas formhór na d**tomhaltóirí** go bhfuil an lipéad boinn sothuigthe. Níor thuairiscigh ach 9 % go 18 % deacracht le haon ghné ar leith. Mheas tromlach mór go bhfuil gach eilimint lipéid atá ann faoi láthair ábhartha, go háirithe fliuchghreim (94 %). Mheas tromlach (78 %) go bhfuil méid iomchuí faisnéise ar an lipéad. Rátáladh paraiméadair eile nach bhfuil ar an lipéad faoi láthair, amhail míleáiste, mar pharaiméadair atá chomh hábhartha céanna nó níos ábhartha. Measadh nach bhfuil torann agus scaoileadh


(12) Níor socraíodh aon aicme fholamh le haghaidh bhoinn C3 nach raibh d'oibleagáid orthu, ar aon nós, greamán lipéid a iompar.

(13) Níor léiríodh aon rátáil aicme le haghaidh boinn greama sneachta agus boinn greama oighir, toisc nach soláthraíonn an modh tástála (coscánú ar chonair shneachtúil nó oighreata) torthaí atá cruinn go leor agus in-atriallta.

micreaphlaisteach chomh tábhachtach céanna nó nach bhfuil tionchar acu ar rogha tomhaltóirí[14].

Deimhníodh torthaí staidéir ó 2019[15] leis an suirbhé agus suíodh go raibh ról fóinteach ag an lipéad mar threoir do na tomhaltóirí agus na ceannaitheoirí gairmiúla a rinne é a sheiceáil. Dúirt thart ar 80 % den dá ghrúpa gur chuidigh an lipéad leo boinn níos éifeachtúla nó níos sábháilte a roghnú.

Tá cur amach ag **déileálaithe bonn agus dáileoirí bonn** ar an lipéad agus dearcadh dearfach acu air den chuid is mó. Ní hionann sin i gcónaí agus úsáid réamhghníomhach a bhaint as le linn díolachán. Deir leath an lucht díolacháin a cuireadh faoi agallamh nach bpléann siad an lipéad ach mura spreagann an tomhaltóir iad. Díspreagann duine as gach seisear custaiméirí ó bheith ag brath ar an lipéad, á chur in iúl gur ar fhéindearbhú amháin atá sé bunaithe; ina ionad sin, is amhlaidh a bhunaíonn siad a gcuid moltaí ar chorrlaigh bhrabúis, lascainí, dreasachtaí, stoc atá ar fáil nó buiséad custaiméirí.




*Fíor 3:* Dearcadh na ndéileálaithe bonn agus na ndáileoirí bonn i leith an lipéid boinn (bonnlíne = gach freagróir (n=201)).

Feictear do thart ar leath na **ndéileálaithe feithiclí** gur beag is fiú lipéid boinn le haghaidh na roghanna uile atá ar fáil a áireamh i dtairiscintí ceannaigh feithiclí, mar gheall ar spéis íseal a bheith ag custaiméirí tráth an díola nó toisc nach bhfuil rogha ag an gcustaiméir roghnú a dhéanamh[16]. Dá bhrí sin, measann na déileálaithe sin go bhfuil ualach díréireach ag baint leis na ceanglais atá ann faoi láthair agus tugann siad le fios gur cheart leagan níos lú den lipéad, nó leagan simplithe de, a cheadú lena úsáid i dtairiscintí ceannaigh[17].

(14) Ní haon ionadh é sin, rud a dheimhníonn go mbíonn tionchar ar an rogha cheannaigh ag gnéithe ar féidir coigilteas airgid nó sábháilteacht mhéadaithe a dhéanamh díobh.

(15) Staidéar inar measúnaíodh tuiscint tomhaltóirí ar lipéid bonn, https://data.europa.eu/doi/10.2833/210444.

(16) Cé is moite de shó-ghluaisteáin nó díolacháin le lucht taidhleoireachta, braitheann na boinn a fheistítear ar an gcarr ar an mbaisc bonn atá ar fáil nuair a chóimeáiltear an fheithicil sa mhonarcha. D'fhéadfadh sé go n-aontódh roinnt miondíoltóirí carranna na rothaí a mhalartú, más féidir sin agus mar chúirtéis eisceachtúil leis an gcustaiméir.

(17) E.g. gan ach tásc den lipéad, le saighead aicme.

Aithníonn na tomhaltóirí, ceannaitheoirí gairmiúla, déileálaithe agus dáileoirí a bhfuil cur amach acu air **suíomh gréasáin EPREL** mar fhoinse luachmhar faisnéise breise, cé gur cosúil nach mbaintear ach úsáid theoranta as iarbhír. Mar sin féin, tá faisnéis faoi roinnt paraiméadar tábhachtach in easnamh ar an mbunachar sonraí faoi láthair(18). Thug roinnt déileálaithe dá n-aire go simplíonn EPREL a gcuid oibre, toisc go laghdaíonn sé a spleáchas ar sholáthróirí le haghaidh faisnéise. Tá comhéadain feidhmchláir chomhtháite ag roinnt déileálaithe chun a suíomhanna gréasáin a nascadh go díreach le EPREL, rud a chumasaíonn lipéid bonn agus bileoga faisnéise faoin táirge a thaispeáint go huathoibríoch sa teanga cheart.

## 4. Forbairt an mhargaidh;

Leis an dul chun cinn teicneolaíoch, bhíothas in ann feabhas comhuaineach a chur ar fhriotaíocht rollta agus ar fhliuchghreim, agus le reachtaíocht chomhuaineach CEE-NA cuireadh cosc ar bhoinn a bheadh in aicmí friotaíochta rollta F agus G. Leanann an treocht sin agus, go háirithe i gcás bhoinn C1, ní cheadófar le ceanglais CEE-NA aon bhonn nua in aicme E ná an chuid is mó d'aicme D a chur ar an margadh. Mar thoradh air sin, leis an scála atá ann faoi láthair is lú difreáil a thairgtear le haghaidh roghanna ceannaigh agus is lú an dreasacht iomaíochta do mhonaróirí a bheith ag nuáil. Ar an gcaoi chéanna, maidir le torann, is in aicmí A agus B a bhí gach bonn a bhí ann sular tháinig an Rialachán i bhfeidhm, cheana féin.

Leis an Rialachán maidir le Lipéadú Bonn, ceanglaítear ar sholáthróirí na boinn a chlárú in EPREL sula gcuirfidh siad ar an margadh iad. Faoi 2025, bhí beagnach 230 000 cineál boinn liostaithe ag EPREL: 81 % C1, 10 % C2 agus 9 % C3. Cuireadh paraiméadair na gclárúchán sin i láthair thíos.


### 4.1. Boinn C1

#### *4.1.1. Friotaíocht rollta*

Léirítear i bhFíor 2 meánfhriotaíocht rollta mheasta bhoinn C1, bunaithe ar aicmí lipéid agus ar an dáta a cuireadh ar an margadh iad(19). Leis an líne bhriste, taispeántar an cás 'gnó mar is gnách' arna eachtarshuí go 2024 agus arna bhunú ar na múnlaí a cláraíodh in EPREL ó 2015 go 2021, agus gan ach beagán dul chun cinn déanta i gcás cineálacha nua bonn a cuireadh ar an margadh.

(18) E.g. i gcás bhoinn C1 faoi láthair, níl sé éigeantach a léiriú cé na boinn, as measc na mbonn cláraithe, a rinneadh de réir shonraíochtaí OEM na feithicle, nó, i gcás bhoinn C3, cé na boinn a dearadh don acastóir tiomána, don acastóir stiúrtha nó don acastóir saor-rollta, nó cé na cinn a beartaíodh le haghaidh úsáid uirbeach nó cianaistear etc.


(19) Murab ionann agus gach rialachán eile maidir le lipéadú táirgí, leis an Rialachán maidir le Lipéadú Bonn ní cheanglaítear fíorluach an pharaiméadair lena gcinntear an aicme le haghaidh friotaíocht rollta agus fliuchghreama, ní cheanglaítear ach an fíorluach le haghaidh an torainn amháin.




*Fíor 4:* Friotaíocht rollta bhonn C1.

Is cosúil go bhfuil feabhas mór tagtha ar mheánfhriotaíocht rollta na mbonn nua a cuireadh ar an margadh ó 2021 i leith[20]. Meastar gur tháinig laghdú 5,1 % ar fhriotaíocht rollta bhoinn C1 ó 2021 i leith i gcomparáid leis an gcás 'gnó mar is gnách'.


### *4.1.2. Fliuchghreim*




Fíor 5 lena léirítear meán-fhliuchghreim mheasta bhoinn C1. Cé nach feidhmíocht chomh suntasach céanna í, is cosúil go bhfuil feabhas tagtha ar fheidhmíocht fliuchghreama freisin

(20) Úsáidtear luachanna céatadáin ualaithe d'aicme an lipéid lárphointe toisc nach gceanglaítear ar sholáthróirí leis an Rialachán comhéifeacht na friotaíochta rollta a iontráil in EPREL, ní cheanglaítear a iontráil ach an aicme atá bainteach léi amháin.

i gcomparáid leis an gcás ‘gnó mar is gnách’ le haghaidh boinn a cuireadh ar an margadh tar éis 2021[21].





*Fíor 5:* Fliuchghreim bhoinn C1.

Meastar go bhfuil feabhas thart ar 2,4 % tagtha ar fheidhmíocht fliuchghreama i gcomparáid leis an gcás ‘gnó mar is gnách’. Mar thoradh air sin, bíonn achair choscánaithe níos giorra ann ar bhóthar fliuch.

### *4.1.3. Torann seachtrach rollta*

Fíor 6: lena léirítear an meántorann seachtrach measta, bunaithe ar an luach dearbhaithe. Tháinig méadú beag ar thorann go dtí 2018 amháin, mar thoradh, b’fhéidir, ar an gcomhbhabhtáil le fliuchghreim (a d’fheabhsaigh go suntasach), agus ar threocht i dtreo boinn le cóimheas treoíochta níos mó i múnlaí nua gluaisteán. Is ar éigean a bhraithfí an difríocht leis an gcás ‘gnó mar is gnách’.

(21) Bunaithe ar chéatadáin ualaithe aicme lárphointe an lipéid, toisc nach gceanglaítear ar sholáthróirí an luach innéacs fliuchghreama a iontráil in EPREL, ní cheanglaítear ach an aicme atá bainteach léi amháin a iontráil.




*Fíor 6:* Torann seachtrach rollta bhoinn C1.

### 4.2. Boinn C2 agus C3

Suíodh treochtaí i gcás bhoinn C2 agus C3 a bhí comhchosúil leo siúd i gcás boinn C1. I gcás bhoinn C3, fuarthas feabhsú thart ar 7,3 % ar an bhfriotaíocht rollta i gcomparáid leis an gcás 'gnó mar is gnách'. D'fhéadfadh sé gur rannchuidigh tosca eile leis an dul chun cinn a léiríodh leis na sonraí EPREL. D'fhéadfadh sé gur spreagadh feabhsuithe ar an bhfriotaíocht rollta mar gheall ar fhócas méadaithe ar shábháilteacht agus mar gheall ar an sciar breise feithiclí leictreacha ar na bóithre[22].

Cé gur paraiméadair idirghaolmhara chontrártha iad friotaíocht rollta, fliuchghreim agus torann, is féidir na trí pharaiméadar go léir a fheabhsú go comhuaineach. In 2025, thairg roinnt monaróirí boinn d'aicme A le haghaidh gach ceann de na trí pharaiméadar.

Sciar na múnlaí nua: 5 - 10% > 10%

| C1 | | Friotaíocht Rollta | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | 2015 | A | B | C | D | E | | |
| Fliuchghreim | A | 0.0% | 0.5% | 2.0% | 2.3% | 0.0% | 4.8% | |
| | B | 0.0% | 1.9% | **19.8%** | **11.6%** | 0.7% | 34.0% | |
| | C | 0.0% | 0.5% | **21.0%** | **22.5%** | 2.5% | 46.6% | |

(22) I gcás trucailí, san fhoirmle chun astaíochtaí $CO_2$ flíteanna a ríomh de réir reachtaíocht EURO IV, cuirtear comhéifeacht friotaíochta rollta bhoinn an bhuntrealaimh san áireamh (i dtrucailí díosail is í friotaíocht rollta na mbonn is cúis le 30 % go 40 % den úsáid fuinnimh). I dtrucailí leictreacha, bíonn an sciar níos airde mar gheall ar ardéifeachtúlacht na mótar leictreach, rud a choinníonn an fócas ar éifeachtúlacht fuinnimh gan athrú.

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | D | 0.0% | 0.1% | 2.6% | **9.6%** | 0.7% | 12.9% |
| | E | 0.0% | 0.0% | 0.2% | 0.8% | 0.7% | 1.7% |
| | | 0.0% | 3.0% | 45.7% | 46.7% | 4.6% | |

| **C1** | | **Friotaíocht Rollta** | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **2020** | **A** | **B** | **C** | **D** | **E** | |
| **Fliuchghreim** | A | 0.7% | 1.7% | **7.5%** | 2.9% | 0.0% | 12.8% |
| | B | 1.4% | 2.4% | **18.9%** | **16.4%** | 0.9% | 40.0% |
| | C | 0.1% | 0.7% | **11.2%** | **23.6%** | 0.5% | 36.1% |
| | D | 0.0% | 0.2% | 1.4% | **6.6%** | 0.5% | 8.7% |
| | E | 0.0% | 0.3% | 0.7% | 0.3% | 1.2% | 2.4% |
| | | 2.2% | 5.3% | 39.6% | 49.8% | 3.2% | |

| **C1** | | **Friotaíocht Rollta** | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **2024** | **A** | **B** | **C** | **D** | **E** | |
| **Fliuchghreim** | A | 1.1% | **5.1%** | **9.5%** | 3.6% | 0.0% | 19.4% |
| | B | 2.2% | **6.6%** | **24.9%** | **7.7%** | 0.6% | 42.1% |
| | C | 0.3% | 1.3% | **17.6%** | **7.5%** | 0.4% | 27.2% |
| | D | 0.2% | 0.6% | 3.7% | 4.9% | 0.5% | 9.9% |
| | E | 0.0% | 0.1% | 1.1% | 0.1% | 0.1% | 1.4% |
| | | 3.9% | 13.8% | 56.8% | 23.9% | 1.6% | |

*Fíor 7:* Forbairt fhriotaíocht rollta agus fhliuchghreim bhoinn C1

Fíor 7: lena léirítear an chaoi ar fhorbair friotaíocht rollta agus fliuchghreim le 10 mbliana anuas. Léirítear sna táblaí cion coibhneasta na múnlaí bonn in 2015, 2020 agus 2024 i ngach teaglaim de na paraiméadair.

Le linn na tréimhse sin, aistríonn na múnlaí a cuireadh ar an margadh i dtreo an chúinne uachtair ar chlé, lena bhfeabhsaítear friotaíocht rollta agus fliuchghreim go comhuaineach. Gluaiseann an deighleog is mó ó mheascán de D le haghaidh friotaíocht rollta agus C le haghaidh fliuchghreama in 2015 agus 2020 go C agus B, faoi seach, in 2024.

## 5. GNÍOMHARTHA TARMLIGTHE

Le hAirteagal 13 den Rialachán maidir le Lipéadú Bonn tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

- ceanglais nua faisnéise a thabhairt isteach maidir le boinn atráchta;
- paraiméadair nó ceanglais faisnéise a chur san áireamh maidir le scríobadh bonn agus míleáiste;
- gnéithe eile a chur in oiriúint don dul chun cinn teicneolaíoch.

### 5.1. Boinn atráchta

Is boinn chaite iad boinn atráchta a dhéantar a athmhonarú le trácht nua a chuirtear in ionad an tráchta chaite chun an dara nó fiú an tríú saol a thabhairt dóibh. Is é an toradh a bhíonn ar atráchtadh go laghdaítear ar na hábhair agus ar an bhfuinneamh a úsáidtear, agus ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaineann leo, dhá thrian, beagnach. In 2022, chuir trí eagraíocht tionscail, ETRMA, ETRTO, agus BIPAVER, togra faoi bhráid an Choimisiúin[23] chun boinn atráchta C3 a lipéadú. Rinne an Coimisiún réamhstaidéar teicniúil agus thosaigh sé ag ullmhú an bhunúis anailísigh le haghaidh togra. Chuathas i gcomhairle le geallsealbhóirí, agus tá obair fós ar siúl.

### 5.2. Scríobadh agus míleáiste

Mar a luadh i gcaibidil 3, agus de dhroim dhá shuirbhé ar thomhaltóirí i dtíortha éagsúla, chuirfí borradh faoi spéis custaiméirí sa lipéad boinn le táscaire maidir le ré feidhme úsáideach fhéideartha (nó 'míleáiste') na mbonn: in éineacht le friotaíocht rollta, is táscaire é ar choigilteas eacnamaíoch, rud a d'fhéadfadh costas ceannaigh tosaigh níos airde ar bhoinn athsholáthair a chúiteamh. Ní raibh aon mhodh tástála oiriúnach ar fáil go dtí le déanaí chun scríobchaitheamh agus míleáiste a thomhas, agus dá bhrí sin ní raibh an Coimisiún in ann beart a dhéanamh chun ceanglais faisnéise a thabhairt isteach (amhail ó Airteagal 13.3).

Tá obair idir lámha, i dTascfhórsa CEE-NA um Scríobchaitheamh[24], tascfhórsa a tugadh le chéile d'aon ghnó chun modhanna tástála scríobchaithimh a leagan amach i gcomhair bhoinn C1, C2 agus C3. Áirítear dhá mhodheolaíocht sa tástáil scríobchaithimh[25] C1 de chuid CEE-NA: modh conbhua feithiclí ar bóthar, a dhéantar faoi dhálaí teoranta aimsire agus aeráide, agus modh druma laistigh[26]. Leis an gcéad modh tástála cumhdaítear 8 000 km ar bhóithre poiblí oscailte[27]. Tá obair fós ar siúl maidir le boinn C2 agus C3, agus táthar ag dréim le conclúidí in 2027 maidir le boinn C2 agus ina dhiaidh sin maidir le boinn C3.

D'áitigh an Coimisiún ar an Tascfhórsa um Scríobchaitheamh méadrach a fhorbairt a bheadh nasctha le caitheamh bonn chun measúnú a dhéanamh ar

(23) D'úsáidfí an modh céanna a úsáidtear i gcás boinn nua.

(24) https://wiki.unece.org/pages/viewpage.action?pageId=160694352.

(25) GRBP 83, (WP.29/GRBP) An Mheitheal um Thorann agus um Bhoinn (83ú seisiún) | Is fochomhlacht é CEE-NA den Fhóram Domhanda um Chomhchuibhiú Rialachán maidir le Feithiclí.

(26) Leis an modh laistigh atá níos tapúla, níos in-atriallta agus ar lú an truailliú uaidh, agus é cosúil go maith leis na tástálacha a úsáidtear chun friotaíocht rollta a thomhas, sábháiltear roinnt míonna ar mhonaróirí bonn a fhéachann le cineálacha nua bonn a thabhairt isteach.

(27) 25 % uirbeach, 23 % bóithre réigiúnacha agus 35 % mórbhealaí, ag trí leibhéal teochta, idir 5 °C agus 25 °C. Leis an tástáil a bhunaítear ar chonbhua, cruthaítear dúshláin in-atrialltachta agus inacmhainneachta le haghaidh Údaráis um Fhaireachas Margaidh.

acmhainneacht míleáiste[28] toisc gur dhírigh an ghníomhaíocht, go dtí seo, ar íoscheanglais scríobtha a leagan síos agus orthu sin amháin. Idir an dá linn, leagadh síos teorainn tairsí le haghaidh bhoinn C1 sa Rialachán Euro 7.

*Tábla 1: Sceideal le haghaidh tairseacha scríobchaithimh éigeantacha de réir Euro 7 (Rialachán (AE) 2024/1257).*

| **Ceanglas is infheidhme** | **Boinn C1** | **Boinn C2** | **Boinn C3** |
|---|---|---|---|
| Múnlaí nua boinn ó na dátaí a leanas: | An 1 Iúil 2028 | An 1 Aibreán 2030 | An 1 Aibreán 2032 |
| Gach múnla boinn ó na dátaí a leanas: | An 1 Iúil 2030 | An 1 Aibreán 2032 | An 1 Aibreán 2034 |
| Múnlaí neamhchomhlíontacha ar an margadh go dtí: | An 30 Meitheamh 2032 | An 31 Márta 2034 | An 31 Márta 2036 |

### 5.3. Gnéithe eile

Chaithfí an iliomad iarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán maidir le Lipéadú Bonn a leasú chun boinn atráchta a lipéadú. Ina theannta sin, tá easpa soiléireachta nó easpa ceanglas mionsonraithe sa Rialachán maidir le Lipéadú Bonn le haghaidh gnéithe áirithe (lipéid neadaithe, paraiméadair phoiblí, doiciméadacht um chomhlíonadh). Is cúis éiginnteachta é sin do sholáthróirí agus do dhéileálaithe bonn agus feithiclí araon agus cuireann sé le castacht an chomhlíonta[29]. Ach ailíniú leis an reachtaíocht maidir le táirgí lipéadaithe a bhaineann le fuinneamh, réiteofaí formhór na bhfadhbanna.

## 6. FAIREACHAS MARGAIDH AGUS FORFHEIDHMIÚ

Leagadh amach i Rialachán (CE) Uimh. 765/2008[30] an nós imeachta maidir le fíorú comhlíontachta ag údaráis náisiúnta um fhaireachas margaidh le haghaidh lipéadú bonn agus le haghaidh faireachas margaidh trasteorann. Le Rialachán (AE) 2019/1020[31] maidir le faireachas margaidh ar tháirgí agus comhlíonadh táirgí leasaíodh

(28) Leasófar Rialachán CEE-NA 117 chun na tairseacha um scríobadh a chur san áireamh. Dá bhrí sin, déantar cuid den doiciméadacht um chineálcheadú de na sonraí maidir le leibhéil scríobtha agus caillteanas tráchta. Dá gcuimseofaí caillteanas doimhneachta tráchta freisin sa dearbhú ó mhonaróirí bonn, tríd an doiciméadacht um chineálcheadú maidir le torthaí tástála le haghaidh scríobchaithimh, d'fhéadfadh sé a bheith indéanta míleáiste a rátáil.

(29) Níl aon lipéad i bhformáid bheag ar fáil lena úsáid i gcatalóga bonn, ina dtugann thart ar 20 ró ar gach leathanach tuairisc ar gach bonn, nó le haghaidh tairiscintí feithiclí, i gcás ina nglacann na lipéid bonn 10 n-oiread an spáis a úsáidtear don tuairisc ar an bhfeithicil agus a roghanna. Tá an easpa léirithe maidir leis na paraiméadair is gá chun idirdhealú idir boinn den mhéid céanna, ar paraiméadair iad a bheidh le hiontráil in EPREL, ina bhac ar chur i bhfeidhm na tacsanomaíochta nó aon chritéar maidir le gan dochar suntasach a dhéanamh.

(30) Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 lena leagtar amach na ceanglais maidir le creidiúnú agus maidir le faireachas margaidh a bhaineann le táirgí a mhargú.

(31) Rialachán (AE) 2019/1020 maidir le faireachas margaidh ar tháirgí agus comhlíonadh táirgí.

Rialachán (CE) Uimh. 765/2008, lenar leathnaíodh a raon feidhme agus lenar ailíníodh sainmhínithe agus rialacha creidiúnaithe le haghaidh saoráidí tástála.

Ina theannta sin, cruthaíonn an Rialachán maidir le Lipéadú Bonn oibleagáidí áirithe do sholáthróirí (monaróirí, allmhaireoirí agus ionadaithe údaraithe) agus do dhéileálaithe nó dáileoirí, lena n-áirítear an oibleagáid comhoibriú le hÚdaráis um Fhaireachas Margaidh agus gníomhú láithreach i gcás neamhchomhlíontachta. Leagtar síos ceanglais shonracha do sholáthraithe seirbhísí óstála idirlín.

Is táirgí casta iad boinn atá ríthábhachtach ó thaobh na sábháilteachta de. Bíonn gá le scileanna sonracha agus saineolas chun measúnú a dhéanamh ar cháilíocht agus comhlíonadh bonn. Chun feidhmíocht a fhíorú, bíonn trealamh speisialaithe costasach agus fearainn tástála thiomnaithe nó rianta tástála tiomnaithe de dhíth ar Údaráis um Fhaireachas Margaidh.

Is Údaráis um Fhaireachas Margaidh a dhéanann formhór na tástála feidhmíochta agus comhlíontachta faoi láthair ar fhearais (cuisneoirí, meaisíní níocháin, bolgáin solais), agus is beag díobh a bhfuil saineolas agus taithí shonrach acu ar bhoinn. I roinnt mhaith tíortha, is beag acmhainní daonna agus airgeadais a chionroinntear ar rialú comhlíontachta, dá réir sin ní dhéanann an chuid is mó díobh ach rialuithe ar ghnéithe foirmiúla amháin. Thairis sin, in thart ar leath na mBallstát, roinntear inniúlachtaí um lipéadú agus um chineálcheadú idir údaráis éagsúla, ar ar éigean a bhíonn aon chomhordú eatarthu, cé gurb ionann an trealamh tástála agus na nósanna imeachta a úsáidtear.

Tá roinnt Ballstát a dhéanann rialuithe, a léiríonn rátaí arda neamhchomhlíontachta. Thuairiscigh Éire torthaí le haghaidh 36 mhúnla bonn in ICSMS(32); shuigh sí nach raibh ach 33 % díobh comhlíontach in 2024 agus 51 % in 2025. Thuairiscigh an Ghearmáin torthaí le haghaidh 60 múnla bonn a tástáladh; shuigh sí go raibh 37 % díobh comhlíontach in 2023 agus 58 % comhlíontach in 2024. Go ginearálta, déanann Údaráis um Fhaireachas Margaidh náisiúnta faireachas margaidh trí úsáid a bhaint as cur chuige rioscabhunaithe, rud a chiallaíonn nach gá go bhfuil na rátaí neamhchomhlíontachta a fhaightear ionadaíoch ar mheáin an mhargaidh. Léiríonn sonraí ó thástálacha a rinne an tAirmheán Comhpháirteach Taighde, áfach, figiúirí neamhchomhlíontachta an-ard freisin. A mhéid a bhaineann le boinn a thagann isteach i margadh an Aontais, bhí rialuithe custaim ag teorainneacha seachtracha an Aontais fós teoranta agus, dá réir sin, níor aimsíodh ach leibhéal íseal cásanna neamhchomhlíontachta.

Faoin Rialachán maidir le Lipéadú Bonn, tá sé d'oibleagáid ar na Ballstáit rialacha a leagan síos maidir le pionóis éifeachtacha, chomhréireacha agus athchomhairleacha, agus sásraí forfheidhmiúcháin a bhunú le haghaidh sáruithe ar an Rialachán, agus fógra a thabhairt don Choimisiún, faoin 1 Bealtaine 2021, faoi na rialacha sin. Foilsíodh liosta na bpionós ar tugadh fógra ina leith ar an tairseach um Tháirgí Fuinneamhéifeachtúla(33).

### 6.1. Cineálcheadú vs lipéadú bonn

Ní dhéantar cineálcheadú ar gach múnla boinn, ní dhéantar é ach ar leibhéal an 'réimse bonn' amháin agus úsáid á baint as an gcás 'is measa', le haghaidh gach ceann de na paraiméadair rialáilte. Mar shampla, i gcás friotaíocht rollta, i measc na mbonn ag a raibh an patrún tráchta céanna ach cóimheasa treoíochta éagsúla, meastar gurb é an ceann ag a bhfuil an t-innéacs ualaigh is ísle agus an cóimheas treoíochta is mó bonn ionadaíoch an

(32) Córas Faisnéise agus Cumarsáide maidir le Faireachas Margaidh.

(33) https://energy-efficient-products.ec.europa.eu/national-measures-penalties-and-sanctions-tyres_en.

cháis is measa. Is é sin, as 10 nó 20 bonn sa réimse céanna agus ag a bhfuil an dearadh tráchta céanna, nach ndéantar ach ceann amháin a thástáil le haghaidh friotaíocht rollta, ceann amháin eile le haghaidh fliuchghreama agus b'fhéidir ceann amháin eile fós le haghaidh torainn.

Maidir le lipéadú bonn, déantar tástáil i bprionsabal ar gach ball aonair de réimse bonn, agus úsáid á baint as an modh tástála céanna.

Ciallaíonn sé sin nach féidir brath ar thorthaí tástála an chineálcheadaithe don aicme iomlán agus go bhfuil gá le tástáil shonrach ar an mbonn sonrach le haghaidh rialú comhlíontachta agus fíorú na haicme a mhaítear ar an lipéad, mura léirítear gurb ionann é agus an cás is measa.

### 6.2. Tacaíocht ón Aontas d' Údaráis um Fhaireachas Margaidh

Gníomhaíocht Chomhbheartaithe arna cómhaoiniú ag an Aontas faoin gclár LIFE, ionstraim chistiúcháin an Aontais le haghaidh an chomhshaoil agus gníomhú ar son na haeráide, is ea Táirgí Comhlíontachta Éifeachtúlachta Fuinnimh 4EEPLIANT4. Áirítear in EEPLIANT4 pacáiste oibre bonn faoina ndéanfar seiceálacha comhlíontachta an Rialacháin maidir le Lipéadú Bonn. Níl ach ceithre Údarás um Fhaireachas Margaidh rannpháirteach: an Chipir, an Eastóin, an Ísiltír agus an Phortaingéil, arna gcomhordú ag PROSAFE(34).

| Tionscadal | Clár | Tréimhse reatha | Ranníocaíocht AE |
|---|---|---|---|
| MSTyr15 | Fís 2020 de chuid an Choimisiúin Eorpaigh | 2016-2019 | €1 854 673 |
| EEPLIANT4 | An Clár LIFE | 2024-2029 | €7 999 999 |

*Tábla 3: Tacaíocht ón Aontas do chur chun feidhme an Rialacháin maidir le Lipéadú Bonn agus an fhaireachais margaidh ghaolmhair*

Tacaíonn an Coimisiún freisin le gníomhaíochtaí na nÚdarás um Fhaireachas Margaidh tríd an méid seo a leanas:

- cruinnithe leathbhliantúla agus tacaíocht d'Údaráis um Fhaireachas Margaidh tríd an nGrúpa Saineolaithe um Chomhar Riaracháin maidir le Lipéadú Bonn - Comhar Riaracháin um Fhaireachas Margaidh;
- an Líonra Eorpach um Chomhlíonadh Táirgí faoin Rialachán maidir le Faireachas Margaidh;
- comhtháthú idir EPREL agus ICSMS;
- tá 'clásal coimirce' ina ghné in ICSMS, lena gceadaítear d'Údaráis um Fhaireachas Margaidh faisnéis a chomhroinnt maidir le táirgí a bhfuil riosca ag baint leo.


Le hAirteagal 34(4) den Rialachán maidir le Faireachas Margaidh, cuirtear d'oibleagáid ar na Ballstáit mionseiceálacha comhlíonta a thuairisciú. Faoi fhómhar 2025, liostaíodh 230 mionchigireacht faoin Rialachán maidir le Lipéadú Bonn i mbunachar sonraí ICSMS.

(34) https://prosafe.org/, cuibhreannas lena gcomhordaítear Údaráis um Fhaireachas Margaidh.

Fíor 8 lena léirítear na torthaí de réir Ballstáit. Na Ballstáit nach bhfeictear sa tábla, níor thuairiscigh siad aon seiceáil in ICSMS.

As na seiceálacha a tuairiscíodh faoin Rialachán maidir le Lipéadú Bonn, d'aimsigh cúig cinn díobh boinn a raibh riosca tromchúiseach ag baint leo agus d'aimsigh 16 díobh boinn a raibh riosca ard ag baint leo. Áiríodh ar na bearta ceartúcháin rabhaidh (14), orduithe chun an múnla a tharraingt siar ón margadh (2) agus toirmeasc (2). Ar na bearta eile bhí athruithe ar EPREL (1) agus athrú ar an lipéad (1). Is minic nach dtuairiscítear an beart ceartúcháin.


| | 2020 | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| an Spáinn | | | | 30% | 84% | 68% |
| an Ghearmáin | | 90% | 93% | 37% | 58% | |
| Éire | | | | | 33% | 51% |
| Lucsamburg | | | | | 100% | |
| an Chróit | | | | | 100% | |
| an tAontas Eorpach | | | | | 50% | |
| an Phortaingéil | | | 0% | 100% | 0% | |
| an Danmhairg | | | | | | 0% |




*Fíor 8:* Forbhreathnú ar thástáil comhlíontachta faoin Rialachán maidir le Lipéadú Bonn, ICSMS. Tagraíonn 'an tAontas Eorpach' do na tuarascálacha ó Airmheán Comhpháirteach Taighde an Choimisiúin. Ciallaíonn céatadán ard (imir ghlas) gur suíodh go raibh múnlaí comhlíontach.

### 6.3. Ról an Choimisiúin i bhfaireachas margaidh

Bíonn tástáil bonn dian go teicniúil agus is cosúil nach tosaíocht do na Ballstáit í. Le faisnéis chomhlíontachta neamhleor in EPREL, líon mór múnlaí, costais arda tástála (EUR 1 k go EUR 10 k in aghaidh an aonaid), deacracht le saineolas a fhorbairt, easpa acmhainneachta saotharlainne, dáileadh éagsúil freagrachtaí idir comhlachtaí náisiúnta sna Ballstáit agus easpa comhordaithe rannchuidítear le rialú neamhleor, rátaí arda neamhchomhlíontachta agus – rud a d'fhéadfadh a bheith gaolmhar leis sin – mímhuinín custaiméirí agus dáileoirí (féach torthaí an tsuirbhé maidir le braistintí go raibh lipéid boinn neamhiontaofa toisc iad a bheith bunaithe ar fhéindearbhú). Fíor 1: lena léirítear rátaí neamhchomhlíontachta, ar ábhar iontais iad, i gcás na mbonn a ndearna an tAirmheán Comhpháirteach Taighde tástáil orthu sna blianta 2021-2024.




*Fíor 9:* Torthaí neamhchomhlíontachta ón Airmheán Comhpháirteach Taighde 2021-2024 (cur i láthair do chruinniú den Ghrúpa Comhair Riaracháin maidir le Faireachas Margaidh, an 1 Aibreán 2025, Ispra).

B'fhiú rannpháirtíocht níos láidre ón gCoimisiún. Tá straitéis den sórt sin á cur chun feidhme le haghaidh sábháilteacht feithiclí ó 2020 i leith. Sa chás sin, cé go bhfuil ról lárnach ag na Ballstáit agus go ndéanann siad tástáil faireachais, soláthraíonn an Coimisiún an dara sraith rialaithe agus déanann sé tástálacha neamhspleácha. Tugtar de chumhacht don Choimisiún[(35)] feithiclí agus a bpáirteanna a thástáil, fíneálacha riaracháin a ghearradh go díreach ar mhonaróirí agus aisghairmeacha a ordú ar fud an Aontais[(36)]. Tagann cineálcheadú bonn faoi raon feidhme inniúlacht an Choimisiúin, ach tá lipéadú bonn lasmuigh de. Faoi láthair, eagraítear feachtais tástála ar leibhéal an Aontais chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíontacht na mbonn a dhíoltar ar mhargadh an Aontais, lena gcomhlánaítear rialuithe náisiúnta agus lena líontar bearnaí i gcás ina bhféadfadh acmhainneachtaí náisiúnta a bheith teoranta[(37)]. Le cur chuige láraithe comhordaithe, lena gcumhdófaí lipéadú freisin, chruthófaí sineirgí agus ráthófaí neamhchlaontacht, gan coinbhleacht leasa[(38)]. Thairis sin, is beag costas breise a bhainfeadh le seiceálacha comhlíontachta maidir le lipéadú, ós rud é go mbunaítear iad ar na tástálacha céanna a cheanglaítear le Rialachán CEE-NA 117.

## 7. FÍORÚ AGUS TÁSTÁIL AG TRÍÚ PÁIRTÍ A D'FHÉADFADH A BHEITH ANN

Déanfar measúnú leis an tuarascáil freisin ar na costais agus ar na sochair a bhaineann le fíorú éigeantach neamhspleách ag tríú páirtí ar an bhfaisnéis a thugtar ar an lipéad boinn, agus an taithí a fuarthas maidir leis an gcreat réime níos leithne a cuireadh ar fáil le Rialachán (CE) Uimh. 661/2009 á cur san áireamh.

Is féidir le fíorú ag tríú páirtí cuidiú chun easnaimh na nÚdarás um Fhaireachas Margaidh a chúiteamh maidir le buiséad, saotharlanna, foireann, comhordú agus scileanna riachtanacha. Trí úsáid a bhaint as tríú páirtithe, d'fhéadfaí rochtain ar threalamh saotharlainne úrscothach agus ar fhoireann speisialtóireachta a áirithiú. Tá taithí faighte cheana féin ag roinnt saotharlann ar an gcreat cineálcheadaithe níos leithne dá bhforáiltear le Rialachán (AE) 2019/2144 agus tá siad creidiúnaithe cheana féin chun gach gníomhaíocht tástála faoin Rialachán maidir le Lipéadú Bonn a dhéanamh. Mar sin féin, is féidir le táillí tástála agus deimhniúcháin na dtríú páirtithe a bheith sách mór. Tábla lena léirítear praghsanna táscacha chun paraiméadair an Rialacháin maidir le Lipéadú Bonn a thástáil i gcás boinn C1 i saotharlanna atá creidiúnaithe le haghaidh reachtaíocht maidir le cineálcheadú bonn.

*Tábla 4: Costais tástála fíorúcháin ag tríú páirtí maidir le bonn C1 (in aghaidh an bhoinn)*

| Nós Imeachta Tástála – Aicme Bonn C1- | Ó | Go dtí |
|---|---|---|
| CEE-NA R 117 Iarscríbhinn 3 – Torann | €1 100 | €2 000 |
| CEE-NA R 117 Iarscríbhinn 5 – Fliuchghreim | €950 | €1 500 |

(35) Airteagal 9 de Rialachán (AE) 2018/858.

(36) Tá tuairisc ar an ngníomhaíocht ar fáil ó https://publications.jrc.ec.europa.eu/repository/handle/JRC130606.

(37) Tá tuarascáil ina ndéantar cur síos ar na gníomhaíochtaí a rinne an tAirmheán Comhpháirteach Taighde maidir le boinn ar fáil ag an nasc seo a leanas: https://publications.jrc.ec.europa.eu/repository/handle/JRC135546.

(38) D'fhéadfadh drogall a bheith ar údaráis náisiúnta comhlíonadh/pionóis a fhorfheidhmiú ar mhonaróirí atá bunaithe ina gcríoch.

| | | |
|---|---|---|
| CEE-NA R 117 Iarscríbhinn 6 (CR) – Friotaíocht Rollta | €650 | €1 250 |
| CEE-NA R 117 Iarscríbhinn 7 3PMSF – Feidhmíocht sa Sneachta | €3 200 | €5 500 |
| **Iomlán le haghaidh an nós imeachta tástála:** | **€5 900** | **€10 250** |

Tá dhá rogha ann chun na costais arda fíorúcháin sin ag tríú páirtí a mhaolú.

(i) Tástáil randamach *ex post*, arna híoc ag an earnáil phoiblí. Is cosúil nach bhfuil sé sin indéanta mura ndéanfar é a chomhordú ar leibhéal an Aontais.

(ii) Fíorú córasach éigeantach *ex ante* ag soláthróirí, le haghaidh gach luach paraiméadair a dhearbhaítear ar an lipéad má sháraíonn siad an aicme atá coibhéiseach leis an 'gcás is measa' mar a dhoiciméadaítear i ndeimhnithe cineálcheadaithe(39). Ní bheadh i gceist leis sin ach nochtadh na dtuarascálacha tástála atá monaróirí ceaptha a dhéanamh chun aicme níos fearr ná an 'cás is measa' a mhaíomh, a dhoiciméadaítear sna deimhnithe ar chineálcheadú agus nach mór a uaslódáil chuig EPREL.

## 8. AILÍNIÚ AN MHEAISÍN TÁSTÁLA

Déantar comhéifeacht na friotaíochta rollta a úsáidtear chun measúnú a dhéanamh ar aicme éifeachtúlachta fuinnimh boinn a thomhas i saotharlann le meaisín sonrach. Déanann monaróirí móra a dtástáil comhéifeacht na friotaíochta rollta féin. Tá meaisíní dá gcuid féin ag roinnt saotharlann tástála neamhspleách freisin. Is gá meaisíní a chalabrú nó a athailíniú go tráthrialta chun tomhais chomhsheasmhacha in-atriallta a áirithiú. Braitheann roinnt tíortha nach Ballstáit iad ar chomhlacht lárnach chun an tseirbhís calabrúcháin sin a sholáthar(40). Ní ann d'aon chomhlacht lárnach den sórt sin de chuid an Aontais. Ina ionad sin, cuireadh 'meaisín tagartha fíorúil' agus nós imeachta i bhfeidhm, ar tugadh tuairisc orthu in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán maidir le Lipéadú Bonn. Gach dhá bhliain, déanann comhthiomsú de 11 shaotharlann rannpháirteacha próiseas 'ciorclach' atá dian ó thaobh acmhainní de chun a meaisíní a ailíniú agus chun bonn tagartha a sholáthar(41).

D'fhéadfadh an Coimisiún rogha mhalartach a fhorbairt ar an gcleachtadh calabrúcháin tréimhsiúil trom sin arna dhéanamh ag an gcomhthiomsú saotharlann éagsúil trí shaotharlann tagartha fhisiceach aonair a bhunú, mar aon le dara sraith saotharlann neamhspleách, b'fhéidir, a sholáthródh an tseirbhís do mhonaróirí ar fud an domhain. D'fhéadfaí costas saotharlainne den sórt sin a chumhdach le táillí ar sheirbhísí calabrúcháin. Ba cheart a thabhairt ar aire gurb ionann na meaisíní a úsáidtear le haghaidh tástálacha comhéifeacht na friotaíochta rollta agus na meaisíní a úsáidtear le haghaidh cineálcheadú. Trí na meaisíní céanna a úsáid, áiritheofar go mbeidh na tomhais um lipéadú ailínithe ar bhealach níos fearr leis na tomhais um chineálcheadú agus laghdófar tástáil dhúbailte.

(39) Déantar cineálcheadú ar leibhéal 'réimse táirgí', agus déantar lipéadú bonn ar leibhéal cineáil boinn (gach ball den réimse).

(40) e.g. SAM, an Chóiré agus an tSeapáin.

(41) Foilsíodh liosta na saotharlann in Teachtaireacht 2012/C 86/03 ón gCoimisiún. Beidh nuashonrú le déanamh in 2026.

## 9. SAINCHEISTEANNA A SAINAITHNÍODH MAR CHUID DEN CHUR CHUN FEIDHME

Sainaithníodh roinnt saincheisteanna a bhaineann leis an Rialachán maidir le Lipéadú Bonn le linn an chur chun feidhme, agus d'fhéadfaí aghaidh a thabhairt ar an gcuid is mó díobh ach iarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán maidir le Lipéadú Bonn a leasú. Leagtar amach thíos na cinn is ábhartha, mar aon le réitigh indéanta.

### 9.1. Ábhar fógraíochta, catalóga, tairiscintí feithiclí

Ní thugtar aon mhionsonraí sa Rialachán maidir le Lipéadú Bonn maidir le formáid, méid ná módúlachtaí chun lipéid a thaispeáint i gcatalóga, i siopaí ar líne nó in ábhar fógraíochta nó i dtairiscintí feithiclí. Is é an t-aon choinníoll nár cheart an méid a bheith níos lú ná 75x100 mm Mar thoradh ar an easpa mionsonraí tá neamhchinnteacht dhlíthiúil ann de pháirt agus neamhchomhlíonadh forleathan den pháirt eile. Réiteach praiticiúil amháin, dá bhforáiltear i ngníomhartha tarmligthe eile maidir le lipéid fuinnimh in iarscríbhinn shonrach, is ea an rogha lipéad simplithe, i bhformáid bheag a úsáid, i bhfoirm 'saighead aicme le raon', a d'fhéadfaí a chomhcheangal le 'sásra taispeána neadaithe' le haghaidh leathanaigh ar líne. Fíor 10: lena dtugtar sampla den chaoi a bhféadfaí tásc den sórt sin a úsáid i gcás bonn.




*Fíor 10:* Samplaí de shaigheada aicme mar mhalairt ar an lipéad iomlán a thaispeáint (i gcatalóga, liostaí, tairiscintí feithicle ar pháipéar nó bainteach leis an 'sásra lipéid neadaithe i ndíolacháin ar líne').

### 9.2. Paraiméadair neamhleora in EPREL chun boinn a roghnú

Liostaítear in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán maidir le Lipéadú Bonn na sonraí atá le huaslódáil in EPREL: is tuairisc an-chineálach í, agus tá roinnt paraiméadar ríthábhachtach nach luaitear, rud a fhágann nach leor an fhaisnéis atá ar fáil go poiblí le haghaidh cásanna tábhachtacha fíorúsáide[(42)]. Féadfar an chuid is mó de na luachanna paraiméadair atá in easnamh a sholáthar in EPREL ach ar bhonn deonach. Cuireann sé sin teorainn le hinúsáidteacht EPREL chun roghanna a chinneadh, e.g. ag bainisteoirí flít na hearnála iompair lasta[(43)] nó, arís, roghnú ag monaróirí feithiclí le haghaidh rogha buntrealaimh[(44)]. Dá mbeadh sé éigeantach na paraiméadair uile atá ábhartha don rogha cheannaigh a chlárú, chumasófaí na roghanna sin do chustaiméirí agus bhainfí leas níos fearr as acmhainneacht coigiltis an lipéid, trí leas iomlán a bhaint as digitiú agus EPREL. Thairis sin, ní rud iomasach é boinn a chomhlíonann critéir thacsanomaíochta an Aontais a shainaithint. D'fhéadfadh feidhm scagaire thiomnaithe an cás sin a leigheas.

(42) Mar shampla, bíonn dearadh tráchta bonn trucaile éagsúil ag brath ar cé acu atá nó nach bhfuil na boinn le feistiú, i.e. ar acastóir stiúrtha, tarraingthe nó saor-rollta (beidh an chásáil mar an gcéanna, d'fhéadfadh an fheidhmíocht fhoriomlán a bheith an-éagsúil).

(43) Tá sé ríthábhachtach boinn a roghnú lena mbreithnítear 'suíomh acastóra' nó 'próifíl mhisin', mar a bhaineann le dearadh tráchta agus cásála agus, dá bhrí sin, le friotaíocht rollta, torann nó feidhmíocht greama.

(44) Cé go lainseálann gach monaróir sásra 'tairisceana', léirigh tionscal na bhfeithiclí go soiléir gur spéis leis forléargas iomlán a fháil ar an margadh, ar mhaithe le ceanglais tiúnála níos fearr.

### 9.3. Faisnéis neamhleor chun seiceálacha comhlíontachta a dhéanamh

Liostaítear in Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an Rialachán maidir le Lipéadú Bonn an fhaisnéis le haghaidh na coda de EPREL a bhaineann le comhlíonadh: Is liosta cineálach é agus sa chleachtas is bacainn é ar rialú comhlíontachta éifeachtach, go háirithe sna tíortha sin ina bhfuil freagracht ar leithligh as cineálcheadú agus as lipéadú bonn. Dá ndéanfaí formáid na bparaiméadar atá le soláthar in EPREL le haghaidh lipéadú bonn a ailíniú leis an bhformáid a úsáidtear le haghaidh lipéadú fuinnimh, thabharfaí aghaidh ar an tsaincheist sin. Mar thoradh ar an easpa soiléireachta freisin, bíonn léirmhínithe éagsúla ann agus cuirtear ualach suntasach ar Údaráis um Fhaireachas Margaidh, ar gá dóibh doiciméadacht a iarraidh ón soláthróir, seachas í a aimsiú in EPREL. Ós rud é nach mór, i bprionsabal, gach ball aonair de réimse bonn a thástáil mura gcomhfhreagraíonn an aicme a léirítear ar an lipéad don 'chás is measa', d'fhágfadh infhaighteacht tuarascálacha tástála go bhféadfaí an ghníomhaíocht rialaithe comhlíontachta a shimpliú, rud a laghdódh costais agus an t-ualach riaracháin ar na Ballstáit.

### 9.4. Deighilt theoranta maidir le haicmí feidhmíochta

Leagadh síos tairseacha feidhmíochta bonn i rialacháin CEE-NA. Déantar iad sin a athbhreithniú agus a nuashonrú go tréimhsiúil. Go ginearálta, bíonn feidhm ag na ceanglais nuashonraithe maidir le cineálacha nua bonn ar dtús, arna gcineálcheadú tar éis theacht i bhfeidhm na dteorainneacha, agus níos déanaí maidir le cineálacha atá ann cheana.

Leis an dul chun cinn teicneolaíoch, bhíothas in ann ceanglais níos déine a leagan síos sa reachtaíocht um chineálcheadú, rud a chuir cosc ar bhoinn a bhaineann leis na haicmí is measa. Mar sin féin, ní raibh aon athscálú ná coigeartú ar aicmí san athbhreithniú ar an Rialachán maidir le Lipéadú Bonn. Mar thoradh air sin, ní oireann gach bonn anois ach i dtrí nó ceithre aicme friotaíochta rollta agus fliuchghreama. Leis an raon laghdaithe sin laghdaítear spéis na gcustaiméirí sa lipéad boinn agus is lú dreasacht atá ann don soláthróir nuáil a dhéanamh chun a tháirgí a idirdhealú ó tháirgí a iomaitheoirí. Go dtí go ndéanfar athscálú amach anseo, d'fhéadfaí an tsaincheist sin a mhaolú trína cheangal ar sholáthróirí a chur isteach sa chuid phoiblí de EPREL comhéifeacht na friotaíochta rollta agus an luach innéacs fliuchghreama arna dtomhas nó arna meas chun an aicme a rátáil, mar a cheanglaítear cheana féin le haghaidh torainn(45), rud a thabharfadh deis do cheannaitheoirí gairmiúla agus d'úsáideoirí leasmhara eile idirdhealú a dhéanamh idir táirgí laistigh d'aicme le EPREL.

## 10. CONCLÚID

Leis an Rialachán athbhreithnithe maidir le Lipéadú Bonn spreagadh feabhsuithe intomhaiste ar fheidhmíocht bonn, go háirithe laghdú 5,1 % ar an bhfriotaíocht rollta agus feabhsú 2,4 % ar fhliuchghreim i gcás bhoinn C1 ó 2021 i leith, i gcomparáid le treochtaí 'gnó mar is gnách'. Suíodh treochtaí comhchosúla i gcás bhoinn C2 agus C3. Sa dara cás sin, d'fheabhsaigh an fhriotaíocht rollta 7,3 %. Dá bhrí sin, tá an margadh tar éis aistriú i dtreo boinn ardfheidhmíochta, agus tá níos mó múnlaí ar fáil anois a bhaineann amach na rátálacha (A) is fearr ar fud na bparaiméadar uile.

Mar sin féin, tá feasacht tomhaltóirí ar an lipéad agus a muinín as teoranta i gcónaí, mar gheall, i bpáirt, ar fhorfheidhmiú neamhréireach agus spleáchas ar fhéindearbhú. Ba

(45) Iontráladh luachanna chomhéifeacht na friotaíochta rollta agus na treoiruimhreach fliuchghreama in EPREL cheana féin in aon chás, ach le haghaidh na doiciméadachta teicniúla amháin agus ní dhearna ach roinnt soláthróirí amhlaidh.

chosúil nach tosaíocht do na Ballstáit é faireachas margaidh, bíonn saineolas agus uirlisí speisialaithe ag teastáil ina leith, is deacair é a dhéanamh agus, nuair a dhéantar é, léiríonn sé rátaí arda neamhchomhlíontachta. Cuireann sé sin i dtábhacht gur gá comhordú, acmhainní agus saineolas a neartú ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais araon. Cé go bhféadfaí cuid de na heasnaimh atá ann faoi láthair san fhaireachas margaidh a mhaolú le fíorú agus tástáil ag tríú páirtí, bheadh costas mór i gceist. Tá an cleachtadh ailínithe le meaisín tástála atá ann faoi láthair anásta agus tá ualach ag baint leis an gcleachtadh débhliantúil: d'fhéadfadh saotharlann tagartha amháin, a d'fhéadfadh an Coimisiún a bhainistiú (an tAirmheán Comhpháirteach Taighde), an próiseas a shimpliú agus cobhsaíocht mhéadaithe a áirithiú, agus costais a aisghabháil trí sheirbhísí ailínithe a sholáthar go díreach. D'fhéadfaí na meaisíní a úsáid chun tástáil a dhéanamh ar an lipéadú agus ar chomhlíonadh R.117 araon.

Is uirlis luachmhar é EPREL, ach cuireann an easpa ceanglas éigeantach chun réimsí sonraí ábhartha a líonadh isteach teorainn lena inúsáidteacht do thomhaltóirí, do bhainisteoirí flít agus do sholáthróirí. Idir an dá linn, cuirtear moill ar an dul chun cinn maidir le scríobchaitheamh agus míleáiste a lipéadú mar gheall ar easpa modhanna tástála caighdeánaithe, cé go bhféadfadh an obair leanúnach ag CEE-NA réitigh a thabhairt faoi 2027.

Ar deireadh, léirigh cur chun feidhme an Rialacháin maidir le Lipéadú Bonn easnaimh bhreise, lena n-áirítear sainmhíniú ar shásra lipéid 'neadaithe' a bheith in easnamh. Má dhéantar múnlaí bonn a phlódú isteach sna 3 aicme is fearr, le haghaidh friotaíocht rollta agus go háirithe le haghaidh fliuchghreama, agus in 2 aicme feidhmíochta le haghaidh astaíochtaí torainn, déanfar dochar do spéis an chustaiméara sa lipéad boinn.

Is é is aidhm do na modhnuithe ar an togra *omnibus* a cuireadh i láthair i gcomhthráth leis an tuarascáil seo aghaidh a thabhairt ar bhealach níos fearr ar chuid de na heasnaimh éagsúla agus urraim don chomhlíonadh a shimpliú freisin i gcás inar féidir, le haghaidh soláthróirí agus miondíoltóirí. An tráth céanna, ní féidir dul i ngleic le saincheisteanna áirithe (amhail iad siúd a bhaineann le míleáiste, scríobchaitheamh, atráchtadh, ailíniú meaisíní tástála agus tástáil le haghaidh fíorú comhlíontachta) gan dul chun cinn a bheith déanta maidir le hobair ullmhúcháin bhreise.